# Vóta 43 Leanaí agus Gnóthaí Óige

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 43, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh faoi Vóta 43 sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige do sheirbhísí áirithe a riartar ag an Oifig sin agus d'íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2011, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

De thoradh ar athruithe ag an Rialtas i 2011 do theidil agus do fhreagrachtaí na nAirí agus na Rann Rialtais, bunaíodh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar 2 Meitheamh 2011 ag an Ordú um Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta (Athrú Ainm na Ranna agus Theideal an Aire) 2011. (I.R. Uimh. 214/2011). Ag eascairt as seo agus as aistriú fheidhmeanna áirithe eile don Aire, bunaíodh Vóta 43 d'Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige a thug le chéile feidhmeanna agus maoiniú gaolmhar ó cheithre Vóta. Lena n-áirítear -

Ó Vóta 39 Roinn na Sláinte, an leithdháileadh bliana iomlána maidir leis an soláthar do:

* costais phá agus neamhphá na foirne san Oifig ar a dtugtaí Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ),
* deontais crannchuir náisiúnta agus táillí dlí; agus
* costais oibriúcháin d'Údarás Uchtála na hÉireann, Oifig an Ombudsman do Leanaí agus an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí.

Ó Vóta 41 (a bhaineann le hiarOifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige), na hiarmhéideanna neamhchaite ag pointe an aistrithe a bhaineann leis na cláir éagsúla atá á gcur i gcrích ag OALGÓ.

Ó Vóta 26 den Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), soláthar na bliana iomláine maidir leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, Seirbhís na Múinteoirí ar Cuairt don Lucht Siúil agus an Clár Críochnaithe Scoile, chomh maith le costais phá agus neamhphá na foirne ROS a d'aistrigh chuig an Roinn.

Scoireadh Vótaí 27 do Ghnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus 41 d'Oifig an Aire do Leanaí agus Gnóthaí Óige ina dhiaidh sin.

Aistríodh raon sócmhainní caipitil isteach go Vóta 43 i 2011 ó roinnt Rann a bhí á lánscor. Aistríodh na sócmhainní seo isteach i gcuntais an Vóta ag a nglanluach de réir na leabhar.

Ina theannta sin, aistríodh feidhmeanna na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh maidir le soláthar Seirbhíse Idirghabhála don Teaghlach, in éineacht leis an bhfoireann ábhartha atá ag tabhairt faoi sholáthar na seirbhíse ina dhiaidh chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil le feidhm ó 1 Samhain 2011 faoin Acht um Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011, Ordú (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2011. (I.R. Uimh. 539/2011).

Tá comparáidí díreacha idir na heisíocaíochtaí caiteachais sa Chuntas Leithghabhála 2011 do Vóta 43, agus na torthaí do na cláir agus do na seirbhísí a sheachadtar faoi Vótaí 26, 27, 39 agus 41 i 2010 casta, mar sin de. Tá figiúirí toraidh 2010 le fáil, áfach, sna cuntais faoi seach do na Vótaí seo.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Baineann an muirear faoi fhotheideal B.1 le híocaíochtaí don Roinn Coimirce Sóisialaí maidir leis an Scéim Íocaíochta Luathchúraim Leanaí. Is í an tsuim a ghearrtar don fhotheideal ná an tsuim a íoctar don Roinn sin i 2011.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais. Is é an comhthéacs don ráiteas ná bunú na Ranna Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) i Mí Mheithimh 2011, .i. leathbhealaigh tríd an tréimhse faoi iniúchadh. Bunaíodh feidhmeanna corparáideacha na Ranna ab initio agus ní bhfuarthas mar oidhreacht iad ó Roinn a bhí ann cheana. Is é an cur chuige a cuireadh i gcrích le linn 2011 ná aistriú ó na córais próiseála agus rialaithe a bhí ann cheana i Ranna óna raibh freagrachtaí á n-aistriú cé acu go hardán seirbhíse roinnte nó chuig socrú sonrach de chuid na Ranna Leanaí agus Gnóthaí Óige. Is ar an tslí sin a leantar ar aghaidh le seachadadh an phárolla, na gcuntas agus TEC ag an Roinn Sláinte ar son RLGÓ faoi shocrú seirbhíse roinnte. Tá iniúchadh inmheánach agus bainistiú riosca, a dtagraítear dóibh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais, á n-aistriú freisin. Sholáthair Coiste Iniúchta na Ranna Sláinte agus a feidhm Iniúchta Inmheánaigh maoirseacht do mhórchuid caiteachais RLGÓ suas go Nollaig 2011.

Aistríodh freagracht Ionad Coinneála na Leanaí chuig an Roinn ar 1 Eanáir 2012 ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais (RDCC). Arís ar bhonn eatramhach leanann feidhm iniúchta inmheánaigh RDCC uirthi de bheith ag déanamh maoirseachta ar Ionaid Choinneála na Leanaí d'idirthréimhse agus RLGÓ ag cur socruithe i bhfeidhm. Le déanaí bhunaigh RLGÓ a Coiste tiomanta Iniúchta agus Riosca féin. Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar roghanna seirbhíse roinnte d'ár bhfeidhm iniúchta inmheánaigh táimid ag cur i bhfeidhm anois, tar éis dúinn foireann atá oilte go cuí a aithint, feidhm thiomanta iniúchta inmheánaigh. Déantar an cur chuige do bhainistiú riosca a chomhtháthú le pleanáil ghnó agus rinneadh athbhreithniú ar rioscaí ar ann dóibh cheana sa chomhthéacs seo le linn 2011, agus i gcomhthéacs fhorbairt ráiteas straitéise na Ranna freisin.

**Jim Breslin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
30 Márta 2012

## Teastas an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta 43: Leanaí agus Gnóthaí Óige le haghaidh 2011 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2011.

**Seamus MacCárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Méan Fomhair 2012

# Vóta 43 Leanaí agus Gnóthaí Óige
# Cuntas Leithreasa 2011

| **Seirbhís** | | **2011 Soláthar meastacháin** | **2011 Toradh** | **2010 Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Riarachán** | | | | |
| A.1 | Tuarastail, pá agus liúntais | 6,505 | 6,342 | — |
| A.2 | Taisteal agus cothú | 137 | 66 | — |
| A.3 | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 235 | 75 | — |
| A.4 | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 100 | 62 | — |
| A.5 | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TE | 120 | 66 | — |
| A.6 | Costais áitreabh oifige | 200 | 211 | — |
| A.7 | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 118 | 3 | — |
| **Íocaíochtaí agus Cláir Chúraim Leanaí** | | | | |
| B.1 | Íocaíocht luathchúraim leanaí | 1,000 | 1,000 | — |
| B.2 | Clár náisiúnta infheistíochta cúraim leanaí | 29,254 | 28,754 | — |
| B.3 | Clár luathidirghabhála do leanaí (arna pháirtchistiú ag ciste na gcuntas díomhaoin) | 3,625 | 3,625 | — |
| B.4 | Clár bliana réamhscoile ECCE | 80,080 | 77,110 | — |
| **Straitéis Náisiúnta na Leanaí (SNL)** | | | | |
| C. | SNL - Staidéar Náisiúnta Fadama agus cláir eile | 18,091 | 14,948 | — |
| **Seirbhísí Óige** | | | | |
| D. | Ciste Deontas-i-gcabhair do chostais ghinearálta eagraíochtaí óige agus caiteachas eile a bhaineann le gníomhaíochtaí óige (arna pháirtchistiú ag an gcrannchur náisiúnta) | 23,795 | 23,790 | — |
| **Seirbhísí eile** | | | | |
| E. | Clár críochnaithe scoile | 30,256 | 28,951 | — |
| F. | Seirbhís mhúinteoirí ar cuairt don lucht siúil | 207 | 199 | — |
| G. | Deontais d'eagraíochtaí pobail (arna pháirtchistiú ag an gcrannchur náisiúnta) | 500 | 500 | — |
| H. | Fiosruithe reachtúla agus neamhreachtúla agus táillí dlí ilghnéitheacha | 1,000 | 255 | — |
| I. | Comhlachtaí forbartha, comhairleachta maoirseachta, rialála agus comhairleacha | 31,468 | 28,365 | — |

| **Seirbhís** | | **2011 Soláthar meastacháin** | **2011 Toradh** | **2010 Toradh** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Seirbhísí eile - ar leanúint** | | | | |
| J. | Costas a bhaineann le reáchtáil reifrinn bhunreachtúil faoi chearta na leanaí | 3,000 | — | — |
| | **Olliomlán** | **229,691** | **214,322** | — |
| | **Bain de :** | | | |
| K. | **Leithreasaí-i-gCabhair** | **7,828** | **4,254** | — |
| | **Glaniomlán** | **221,863** | **210,068** | — |
| | **Farasbarr le tabhairt suas** | | **€11,795,426** | — |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2011

| | Nóta | €000 | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Caiteachas ar riarachán | | | 6,825 | — |
| Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir | | | 207,497 | — |
| **Olliomlán** | | | 214,322 | — |
| Bain de | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | 4,254 | — |
| **Glaniomlán** | | | 210,068 | — |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin | | (12) | | |
| Dímheas | | 84 | 72 | — |
| | | | | |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | | (11,275) | | — |
| Méadú ar stoc | | (26) | | |
| | | | (11,301) | — |
| **Caiteachas díreach** | | | 198,839 | — |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara | 1.1 | | 1,804 | — |
| **Costas iomlán oibriúcháin** | | | **200,643** | — |

### 1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Is é atá i gceist leis an tsuim ghlanchaiteachais seirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 43 a tabhaíodh in áit eile.

| Vóta | | 2011 €000 |
|---|---|---|
| 7 | Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 105 |
| 10 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,638 |
| 20 | An Garda Síochána | 61 |
| | | 1,804 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2011

| | Nóta | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 296 | — |
| | | 296 | — |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 26 | — |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,481 | — |
| Ioncam fabhraithe | | 9,951 | — |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.4 | 134 | — |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 1,794 | — |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **13,386** | — |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 157 | — |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.5 | 225 | — |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,703 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,085** | — |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,301** | — |
| **Glansócmhainní** | | **11,597** | — |
| | | | |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | | **11,597** | — |

## 2.1 Ráiteas na Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2011 | — | — | — |
| Coigeartú do shócmhainní a aistríodh[1] | 575 | 553 | 1,128 |
| Breiseanna | 13 | — | 13 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2011 | 588 | 553 | 1,141 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2011 | — | — | — |
| Coigeartú do shócmhainní a aistríodh | 440 | 321 | 761 |
| Dímheas don bhliain | 36 | 48 | 84 |
| Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2011 | 476 | 369 | 845 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | 112 | 184 | 296 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2010** | — | — | — |

[1]Ón Roinn Sláinte, an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ón mBord Comhairleach um Achtanna na Leanaí.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | (1,613) | — |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (90) | — |
| | (1,703) | — |

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | 11 | — |
| Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 15 | — |
| | 26 | — |

## 2.4 Iarmhéideanna eile dochair

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Airleacain don OOP | 40 | — |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | — |
| Caiteachais taistil a forchúitíodh | — | — |
| Scéim phas taistil a forchúitíodh | 89 | — |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | 5 | — |
| | 134 | — |

## 2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | (4) | — |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | — | — |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 14 | — |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 14 | — |
| Cáin Bhreisluacha | 14 | — |
| Pinsin | 86 | — |
| | 124 | — |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | — | — |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 101 | — |
| | 225 | — |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 11,795 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (13,589) | — |
| Glandliteanas don Státchiste | (1,794) | — |
| **Arna léiriú le:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 134 | — |
| | 134 | — |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (124) | — |
| Banc agus Airgead Tirim | (1,703) | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (101) | — |
| | (1,928) | — |
| | (1,794) | — |

## 2.7 Tiomantais iomlána

| ag 31 Nollaig | **2011** **€000** | **2010** **€000** |
|---|---|---|
| Tiomantais ar dócha go n-eascróidh siad sna blianta ina dhiaidh sin do: | | |
| Fo-cheannteidil soláthair | 5,895 | — |
| Fo-cheannteidil deontais | 5,035 | — |
| Tiomantais iomlána | 10,930 | — |

## 3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

| Fotheideal | Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| A.3. | 160 | D'eascair an difríocht mar gheall ar chaiteachas a bhí níba lú ná mar a bhíothas ag súil leis ar oiliúint agus ar fhorbairt na foirne sa tréimhse díreach tar éis bhunú na Ranna. |
| A.7. | 115 | D'eascair coigilteas ós rud é go raibh leibhéal rannpháirtíochta na gcomhairleoirí seachtracha níba lú ná mar a bhíothas ag súil leis sa tréimhse díreach tar éis bhunú na Ranna. |
| C. | 3,143 | Baineann coigilteas le roinnt clár lena n-áirítear (i) an Staidéar Náisiúnta Fadama de thoradh ar chostais laghdaithe pá agus athsceidealú saothair allamuigh agus (ii) forbairt Straitéis Náisiúnta nua na Leanaí, mar sa chás sin níor tháinig na costais maidir leis an gcomhairliúchán/anailís phoiblí agus leis an dearadh agus leis an bhfoilsiú a rabhthas ag súil leo chun cinn. |
| H. | 745 | Tá sé deacair an caiteachas faoin gCeannteideal seo a thuar ós rud é go mbíonn sé ag brath ar chur i gcrích imeachtaí cúirte agus ionú chinneadh na gcostas dlíthiúil. |
| I. | 3,103 | Tá an difríocht inchurtha i leith na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí atá faoi shainchúram na Roinne agus baineann sí le heisíocaíocht caiteachais ar thuarastail agus ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla eile neamhphá, leithéidí taighde agus TE, a bhí níba ísle ná mar a bhíothas ag súil leis. |
| J. | 3,000 | D'eascair an coigilteas ós rud é nár cuireadh an Reifreann Bunreachta faoi Leanaí i gcrích le linn 2011. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | 2011 Measta €000 | 2011 Réadaithe €000 | 2010 Réadaithe €000 |
|---|---|---|---|
| 1. Fáltais AE - Clár cúraim leanaí comhdheiseanna | 3,699 | — | — |
| 2. Cistiú Cuntas Díomhaoin | 3,000 | 3,000 | — |
| 3. Scéim Aoisliúntais - an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais | 350 | 299 | — |
| 4. Fáltais AE - An Clár Críochnaithe Scoile | 1 | — | — |
| 5. Ilghnéitheach | — | 11 | — |
| 6. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann leis an bpinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 778 | 944 | — |
| **Iomlán** | **7,828** | **4,254** | — |

**Míniú na ndifríochtaí suntasacha**
Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

| Fotheideal | Lúide/(níos mó) ná mar a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| 1 | 3,699 | Tá an Clár Comhdheiseanna Cúraim Leanaí 2000-2006 á chómhaoiniú ag an AE. Teastaíonn dianphróiseas tuairiscithe, seiceála agus deimhnithe ag na tairbhithe deontais sular féidir leis an Stát ranníocaíocht an AE a athshlánú. Tá ionú na n-aisíocaíochtaí lasmuigh de smacht na Ranna, cuid mhór, agus bíonn sé ag brath ar dheimhniú ceart, trí mheán roinnt údarás, do Choimisiún an AE, caiteachais faoi scéimeanna a bhíonn á bhfeidhmiú ag an Roinn nó ag a cuid réamhtheachtaithe agus na cinn sin atá i bhfeidhm ag Ranna eile a fhaigheann maoiniú ábhartha AE. |
| 6 | (166) | Ós rud é go raibh na fáltais a fuarthas maidir le haisbhaintí a bhaineann le pinsin níba airde ná mar a bhíothas ag súil leis. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 114 | — |

| | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 5,987 | — |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 60 | — |
| Liúntais eile | 1 | — |
| Ragobair | 23 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 271 | — |
| **Pá Iomlán** | **6,342** | — |

## 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhFaighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair 2011 € | Uasíocaíocht aonair 2010 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 11 | 2 | 13,478 | — |
| Liúntais eile | 7 | — | 337 | — |
| Ragobair | 10 | — | 3,979 | — |

**Nóta:** Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

# 6 Ilghnéitheach

## 6.1Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| Fotheideal | Cur síos | 2011<br>Toradh<br>€000 | 2010<br>Toradh<br>€000 |
|---|---|---|---|
| D | Ciste deontas-i-gcabhair do chostais ghinearálta eagraíochtaí óige agus caiteachas eile maidir le gníomhaíochtaí óige (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 23,790 | — |
| G | Deontais d'eagraíochtaí pobail (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 500 | — |
| | | 24,290 | — |

Tá liosta de gach faighteoir den mhaoiniú, agus de na suimeanna a íocadh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Ranna, www.dcya.ie.

### 6.2 Seirbhísí

Soláthraítear seirbhísí gníomhaireachta don Roinn ag an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le costais a gearradh d'fhotheideal B1 agus do Phobal maidir le seirbhísí a gearradh d'fhotheideal B2, B4 agus maidir le Ciste Forbartha Chomhairle na nÓg faoi Fhotheideal C. Íocadh suim de €1,000,000 don Roinn Coimirce Sóisialaí i 2011 i dtreo na hÍocaíochta Luathchúraim Leanaí agus íocadh €36,721,000 do Pobal, arna léiriú an tsuim iomlán a gearradh d'Fhotheidil B.2, B.4 agus B.6 do ghníomhaíochtaí cláraithe.

Lean an Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh uirthi de bheith ag riar na gcostas a bhaineann leis an tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh faoi Fhotheideal 1 ar bhonn eatramhach tar éis aistriú na seirbhísí chuig an mBord um Chúnamh Dlíthiúil le feidhm ó 1 Samhain 2011.

## 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### Cistí Deontas-i-gCabhair

| Fotheideal | Cur Síos | 2011 Toradh €000 | 2010 Toradh €000 |
|---|---|---|---|
| D. | Ciste Deontas-i-gCabhair do chostais ghinearálta na n-eagraíochtaí óige agus caiteachas eile a bhaineann le gníomhaíochtaí óige (arna pháirtchistiú ag an gCrannchur Náisiúnta) | 23,790 | — |
| | | 23,790 | — |